Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**14104/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0343(COD)**

**CODEC 1359**
**ECOFIN 1155**
**PE 109**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear don Choimisiún vóta a chaitheamh i bhfabhar mhéadú caipitil an Chiste Eorpaigh Infheistíochta<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, an 14 go dtí an 18 Nollaig 2020) |

## I. RÉAMHRÁ

Bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Ós amhlaidh atá, mhol an rapóirtéir, Johan VAN OVERTVELDT (ECR, BE), an togra thuasluaite le haghaidh Cinnidh a ghlacadh gan leasú thar ceann an Choiste um Buiséid. Níor chuir aon ghrúpa polaitiúil aon leasuithe síos.

## II. VÓTÁIL

Caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach an 15 Nollaig 2020 agus glacadh an togra thuasluaite le haghaidh Cinnidh gan leasú. Is é atá sa togra ón gCoimisiún an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é.

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

# An Coimisiún a údarú chun vóta a chaitheamh i bhfabhar mhéadú caipitil an Chiste Eorpaigh Infheistíochta ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Nollaig 2020 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún vóta a chaitheamh i bhfabhar mhéadú caipitil an Chiste Eorpaigh Infheistíochta (COM(2020)0774 – C9-0378/2020 – 2020/0343(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0774),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 173(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0378/2020),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0253/2020),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2020)0343**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 15 Nollaig 2020 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2020/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún vóta a chaitheamh i bhfabhar méadú ar chaipiteal údaraithe an Chiste Eorpaigh Infheistíochta.**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

---

1 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Nollaig 2020.

(1) Le hAirteagal 5(2) de Reachtanna an Chiste Eorpaigh Infheistíochta ('an Ciste'), foráiltear go bhféadfar caipiteal údaraithe an Chiste a mhéadú le cinneadh ó Chruinniú Ginearálta an Chiste ('an Cruinniú Ginearálta') ag gníomhú dó le tromlach 85 % de na vótaí a chaitear.

(2) I bhfianaise an tionchair a mheastar a bheidh ag géarchéim COVID-19 agus d'fhonn rannchuidiú le freagairt an Aontais agus an Chiste ar an ngéarchéim tríd an Rialachán beartaithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár InvestEU a chur chun feidhme mar chuid den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 agus trí ról an Chiste i mbainistiú na gclár náisiúnta agus réigiúnach a fhorbairt tuilleadh, is gá méadú EUR 2 870 000 000 a dhéanamh ar chaipiteal údaraithe an Chiste láithreach.

(3) Chinn Bord Stiúrthóirí an Chiste ('an Bord Stiúrthóirí') iarraidh a chur faoi bhráid an Chruinnithe Ghinearálta le go bhformheasfar méadú EUR 2 870 000 000 ar chaipiteal údaraithe an Chiste trí 2 870 scair nua a eisiúint agus le go bhformheasfar na socruithe maidir leis an méadú caipitil sin, lena n-áirítear na socruithe maidir le híocaíocht. Má fhormheastar an méadú caipitil, beidh luach ainmniúil EUR 1 000 000 ag gach scair nua agus íocfar gach scair shuibscríofa isteach ar 20 % dá luach ainmniúil. Bheadh an Cruinniú Ginearálta in ann a cheangal go ndéanfar an 80 % eile a íoc faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7(3) de Reachtanna an Chiste. Beidh an luach céanna ag gach scair, is cuma an scaireanna atá ann cheana nó an scaireanna nua-eisithe iad, agus beidh cearta comhionanna acu ar gach slí.

(4) Mhol an Bord Stiúrthóirí go mbeadh na scaireanna nua-údaraithe ar fáil lena suibscríobh le linn tréimhse suibscríofa aonair a thosóidh go díreach tar éis an méadú caipitil a bheith formheasta ag an gCruinniú Ginearálta agus a chríochnóidh an 30 Meán Fómhair 2021. Beidh an tAontas in ann a bheith rannpháirteach sa suibscríobh faoi na coinníollacha a leagtar síos i gcinneadh an Chruinnithe Ghinearálta a luaithe a thiocfaidh an gníomh dlí lena bhformheastar rannpháirtíocht an Aontais sa mhéadú caipitil i bhfeidhm.

(5) Chun go mbeidh ionadaí an Aontais sa Chruinniú Ginearálta in ann vóta a chaitheamh ar an méadú caipitil a luaithe is féidir, meastar gurb iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ón tréimhse 8 seachtaine agus ó na tréimhsí 10 lá dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach. Ar an gcúis chéanna, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarófar don Choimisiún vóta a chaitheamh, thar ceann an Aontais, ag Cruinniú Ginearálta an Chiste Eorpaigh Infheistíochta i bhfabhar an mhéadaithe bheartaithe de EUR 2 870 000 000 ar chaipiteal údaraithe an Chiste.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |